

**Foilsíonn an ÚNI an chéad suirbhé riamh ar an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht i nGaillimh**  
**BAINTEAR 29,000 GLUAISTEÁN Ó BHÓTHAIR NA GAILLIMHE GACH LÁ MAR GHEALL AR AN SIÚL AGUS AN ROTHÁÍOCHT, DE RÉIR AN INNÉCAS SIÚIL AGUS ROTHÁÍOCHTA**

***Bíonn 6 as 10 duine fásta i nGaillimh ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad, bíonn 1 as 5 ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad***

**05 Márta 2024** – D’fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair inniu torthaí an chéad suirbhé riamh ar an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht i Mórcheantar na Gaillimhe a nochtann go mbíonn 6 as 10 (10%) gcónaitheoir ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi (is é sin, cathaoir rothaí nó scútar a úsáid) cúig lá sa tseachtain ar a laghad, agus bíonn 1 as 5 (20%) chónaitheoir ag rothaíocht uair sa tseachtain.

Cuireann an tInnéacs Siúil agus Rothaíochta an measúnú is mó riamh ar an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht in Éirinn. Agus é soláthraithe i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an charthanacht iompair inbhuanaithe Sustrans, cuireadh leis an Innéacs anuraidh chun Gaillimh a chur san áireamh, taobh le Mórcheantair Chorcaí, Luimnigh/na Sionainne, Baile Átha Cliath agus Phort Láirge. Cuireann 18 réigiún cathrach sa RA tuarascálacha ar fáil chomh maith.

Tá Innéacs Siúil agus Rothaíochta Mhórcheantar na Gaillimhe bunaithe ar shuirbhé atá neamhspleách agus ionadaíoch ó thaobh na déimeagrafaice de ar os cionn 1,100 cónaitheoir ar fud Mhórcheantar na Gaillimhe, atá 16 bliana d’aois nó níos sine, ní hamháin iad siúd a bhíonn ag siúl, ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi nó ag rothaíocht. Clúdaíonn an Mórcheantar an ceantar ó Órán Mór go Bearna agus ó thuaidh go Baile Chláir

Nochtann sé go bhfuil 77% de chónaitheoirí i bhfabhar infheistíochta sa bhreis sa bhonneagar rothaíochta agus 72% i bhfabhar infheistíochta sa bhreis sa bhonneagar siúl agus gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi. Tagann sé seo chun cinn le linn éilimh ar thaisteal gníomhach atá ag fás agus 53% ag léiriú a bhfoinn a bheith ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi amach anseo, agus 42% ag léiriú a bhfoinn tuilleadh rothaíochta a dhéanamh.

**Príomhthorthaí ó Innéacs Siúil agus Rothaíochta Mhórcheantar na Gaillimhe 2023:**

- Siúlann 60% de chónaitheoirí fásta 5 lá nó níos mó in aghaidh na seachtaine, úsáideann 55% carr 5 lá nó níos mó in aghaidh na seachtaine
- Bíonn 1 as 5 (20%) dhuine fásta ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad
- Tá 88% de chónaitheoirí i bhfabhar raonta rothar a thógáil atá scartha go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe, fiú má tá níos lú spáis do thrácht eile ann.
- Gach lá, ní bhíonn 29,000 carr ar an mbóthar i Mórcheantar na Gaillimhe mar thoradh ar na daoine sin a bhíonn ag siúl. Dá mbeadh na carranna seo go léir i bplódú tráchta, bheadh sé ag síneadh siar 138 ciliméadar. Is ionann é sin agus an fad ón bhFaiche Mhór go Baile Shligigh.
- Cruthaíonn cónaitheoirí a bhíonn ag siúl, ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ag rothaíocht tairbhe eacnamaíoch bhliantúil de €144.4m do dhaoine aonair agus do Mhórcheantar na Gaillimhe
- Feabhsaíonn an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht sláinte phoiblí i Mórcheantar na Gaillimhe, agus 236 riocht sláinte fadtéarmach go bliantúil á seachaint, chomh maith le €3.55milliún á shábháil ag an FSS agus is ionann é sin agus an costas ar os cionn 65,100 cuairt ar an DG.

- Sábhálann na daoine a bhíonn ag siúl, ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ag rothaíocht, seachas a bheith ag tiomáint, astaíochtaí gás ceaptha teasa atá comhionann le 70,000 eitilt ó Aerfort na Sionainne go London Heathrow Airport
- Tá glan-tairbhe eacnamaíoch €1.43 do gach km a rothaítear seachas a thiomáintear agus glan-tairbhe eacnamaíoch €0.97 do gach km a shiúltar seachas a thiomáintear

### **Tairbhí Timpeallachta**

Gach lá, déantar beagnach 29,000 turas fillte siúil, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus rothaíochta i Mórcheantar na Gaillimhe ag cónaitheoirí ar féidir leo carr a úsáid. Dá mbeadh na carranna seo go léir i bplódú tráchta, bheadh sé ag síneadh siar 138 ciliméadar. Is ionann é sin agus an fad ón bhFaiche Mhór go Baile Shligigh.

Fuair an tuarascáil seo go sábhálann an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht 6,300 tona astaíochtaí gás ceaptha teasa i nGaillimh gach bliain. Is ionann é sin agus 70,000 cónaitheoir ag dul ar eitilt ó Aerfort na Sionainne go London Heathrow Airport.

### **Tairbhí Sláinte agus Uileghabhálacht**

Léirítear sa tuarascáil na tairbhí a bhaineann leis an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht do Mhórcheantar na Gaillimhe, leis na tairbhí na gníomhaíochta fisicí a sheachnaíonn 236 riocht sláinte fadtéarmach go bliantúil, a bhfuil luach €3.55 milliún orthu agus is ionann é sin agus an costas ar os cionn 65,100 cuairt ar an DG.

Thaispeáin an tInnéacs go n-athraíonn roghanna taistil cónaitheoirí agus a dtuiscint ar an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht idir grúpaí éagsúla. Fuair sé go mbíonn 41% de chónaitheoirí faoi mhíchumas ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad i nGaillimh, i gcomparáid le 62% de chónaitheoirí gan mhíchumas. Bíonn 11% de chónaitheoirí faoi mhíchumas ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad i gcomparáid le 21% gan mhíchumas. Cé go bhfuil 64% de mhná agus 57% d'fhir ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi cúig lá sa tseachtain ar a laghad, tá bearna inscne níos mó ann nuair atáthar ag caint faoin rothaíocht. Bíonn 25% d'fhir ag rothaíocht uair sa tseachtain ar a laghad i gcomparáid le 15% de mhná.

### **Cad Iad na Rudaí a Deir Cónaitheoirí a gCabhróidh Leo a Bheith ag Siúl nó ag Rothaíocht Níos Minice**

Nuair a chuirtear an cheist orthu, cad iad na rudaí a chabhróidh le daoine a bheith ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi níos minice, tá cónaitheoirí Mhórcheantar na Gaillimhe ag iarraidh dromchlaí cosáin níos fearr, lena n-áirítear colbhaí íslithe ag pointí trasnaithe, áiteanna níos deise feadh sráideanna chun sos a ghlacadh agus cosáin níos leithne. Nuair a chuirtear an cheist orthu, cad iad na rudaí a chabhróidh le daoine a bheith ag rothaíocht níos minice, tá cónaitheoirí ag iarraidh feabhsúchán infreastruchtúir ar nós cosáin saor ó thrácht trí pháirceanna nó glasbhealaí, rotharbhealaí le comharthaí feadh sráideanna níos ciúine, agus raonta rothar feadh bóithre atá scartha go fisiceach ón trácht agus ó choisithe.

Tá fianaise ann go bhfuil cónaitheoirí i bhfabhar tuilleadh bonneagair rothar cosanta a fhorbairt laistigh de Mhórcheantar na Gaillimhe, agus tá 88% de chónaitheoirí i bhfabhar tuilleadh raonta rothar a thógáil atá scartha go fisiciúil ón trácht agus ó choisithe, fiú má tá níos lú spáis ann do thrácht eile.

### **Áit Níos Fearr le Cónaí Ann a Chruthú**

Tuigeann cónaitheoirí na Gaillimhe an tábhacht a bhaineann le comharsanachtaí ar féidir cónaí ann. Aontaíonn 78% go dtiocfadh feabhas ar a gceantar áitiúil má dhéantar an spás do chónaitheoirí a mhéadú ionas go mbeadh siad in ann bualadh lena chéile, bheith ag siúl, ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus ag rothaíocht ar a bpríomhshráid féin. Tá 87% de chónaitheoirí i bhfabhar comharsanachtaí le trácht íseal a chruthú, áiteanna a bhfuil laghdú mór ar 'thréthrácht' ag grúpaí sráideanna, a bhfuil príomhshráideanna mórthimpeall orthu. Tá 84% i bhfabhar comharsanachtaí 20 nóiméad a chruthú - comharsanachtaí a bhfuil sé éasca do dhaoine freastal ar an gcuid is mó dá riachtanais laethúla laistigh de 20 nóiméad ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi.

## **Tairbhí Eacnamaíocha an Taistil Ghníomhaigh**

Fuair an tuarascáil go gcruthaíonn an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht tairbhe eacnamaíoch de €144.4m do dhaoine aonair agus do Mhórchéantar na Gaillimhe. Áirítear leis sin glan-tairbhe eacnamaíoch €1.43 do gach km a rothaítear seachas a thiomáintear agus glan-tairbhe eacnamaíoch €0.97 do gach km a shiúltar seachas a thiomáintear. Socraíodh na costais seo trí anailís a dhéanamh ar am taistil, costais oibriúcháin feithiclí, tairbhí sláinte, caighdeán aeir agus cánachas.

Ag labhairt faoin Innéacs Siúil agus Rothaíochta, **Dúirt Clr, Eddie Hoare, Méara ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe:** *Mar Mhéara ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, táim sásta fáilte a chur roimh chéad Innéacs Siúil agus Rothaíochta Mhórchéantar na Gaillimhe. Léiríonn an tuarascáil seo meonta agus nósanna ár gcónaitheoirí agus iad ag siúl agus ag rothaíocht trínár gcathair. Cuireann sé in iúl an ról tábhachtach atá ag an taisteal gníomhach do thodhchaí na Gaillimhe, a dhéanann leas don chaighdeán aeir, sláinte agus an timpeallacht níos leithne agus ag cur le hiarrachtaí athbhorradh a chur faoi shráideanna agus chun pobail bríomhara a chruthú. Le cúpla bliain anuas, le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, agus an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta d'fheabhsúcháin shuntasacha ar an siúl agus an rothaíocht. Áirítear le samplaí Droichead Coisithe agus Rothar na mBradán; bonneagar nua siúil agus rothaíochta ag Eglinton Canal, Lána an Mhuilleora agus bunú chéad Sráid Scoile lár cathrach na hÉireann ag Scoil Iognáid, Bóithrín na Sliogán.*

*“Tá sé spreagúil a fheiceáil go mbíonn 60% de chónaitheoirí ag siúl nó ag gabháil thart ar áis siúil cúig lá sa tseachtain ar a laghad, agus go bhfuil 53% ag iarraidh é seo a dhéanann níos mó amach anseo. “Tagann an tuarascáil seo ag am iontach, nuair atá roinnt scéimeanna móra ag dul ar aghaidh, lena n-áirítear conairí iompair phoiblí a chur chun cinn ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus an Nasc Traschathrach. Léiríonn na tionscadail seo ár misin, an chathair is fearr a dhéanamh de Ghailimh le bheith i do chónaí ann, obair ann, staidéar a dhéanamh ann, cuairt a thabhairt uirthi agus infheistíocht a dhéanamh ann, trí sheirbhísí a sholáthar ar bhealach comhionann, ionchuimsitheach agus inbhuanaithe.”*

**Dúirt Clr. Liam Carroll, Cathaoirleach Chomhairle Contae na Gaillimhe:** *“Anseo i gContae na Gaillimhe, cuirimid fáilte roimh thuarascáil an Innéacs Siúil agus Rothaíochta, a chuireann léargas atá úsáideach agus ionadaíoch ó thaobh na déimeagrafaice de ar iompair agus tuairimí na gcónaitheoirí ata ina gcónaí in áiteanna ar nós Órán Mór, Baile Chláir agus Bearna maidir leis an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht.*

*“Tá obair tosaithe againn anseo i gComhairle Contae na Gaillimhe, tacaíthe ag an Údarás Náisiúnta Iompair, ar roinnt tionscadal iontach nua ar fud na háite. Mar shampla, rotharbhealach cósta a dhearadh agus a sholáthar a dhéanann nasc díreach le Sráidbhaile Órán Mór agus an Stáisiún Traenach. Is é tionscadal eile ná an scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile a thabhairt isteach i gceantar scoileanna Shráidbhaile Órán Mór a éascóidh siúl agus rothaíocht níos sábháilte do na céadta scoláirí. Táimid ag tnúth go mór le feiceáil conas a thacaíonn agus a dhéanann an tInnéacs eolas dár dtionscadail atá le teacht agus ár dtionscadail amach anseo.*

**Dúirt Anne Graham, POF ÚNI:** *“Táimid sásta an suirbhé is mó ar an siúl, gabháil thart ar áis siúil a bhfuil rothaí uirthi agus an rothaíocht in Éirinn. Le cúpla bliain anuas, tá an ÚNI ag obair le húdaráis áitiúla ar fud an chontae, lena n-áirítear Gaillimh, chun bonneagar sábháilte coisithe agus rothar a chur ar fáil a spreagann tuilleadh daoine dul i mbun an taistil ghníomhaigh.*

*“Tá sé soiléir ón Innéacs is déanaí go bhfuil tuilleadh daoine i nGaillimh ag iarraidh a bheith ag rothaíocht agus ag siúl gach lá. Trí dhaoine a spreagadh taisteal gníomhach a ghlacadh mar chuid dá*

*dturas laethúil, is féidir linn go léir ár ról a ghlacadh maidir le todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú. Leanfaidh an ÚNI le dlús a chur lenár n-iarrachtaí bonneagar siúil agus rothaíochta i nGaillimh agus cathracha eile ar fud na hÉireann a chur i bhfeidhm.*

Is féidir rochtain a fháil ar Innéacs Siúil agus Rothaíochta Mhórcheantar na Gaillimhe [anseo](#):